An Ghníomhaireacht Tithíochta
The Housing Agency

# Oifigeach Sinsearach Foirne TF – GRÁD 6

Is comhlacht rialtais í an Ghníomhaireacht Tithíochta atá ag obair leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, le hÚdaráis Áitiúla agus le Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (CTCanna) chun tithe agus seirbhísí tithíochta a chur ar fáil.

Is í fís na Gníomhaireachta córas tithíochta comhtháite a bhaint amach, lena ndéanfar riachtanais tithíochta na tíre a shásamh agus lena gcuirfear pobail inbhuanaithe chun cinn. Déanann sí é sin trí léargais agus sonraí bunaithe ar fhianaise maidir le tithíocht a sholáthar, lena ndéantar smaointeoireacht agus ceapadh beartas a threorú; trí obair a dhéanamh le daoine eile chun soláthar réiteach maidir le tithíocht a chumasú agus chun cláir agus gníomhartha i mbeartas tithíochta an Rialtais a chur i bhfeidhm; agus tríd an inniúlacht a thabhairt di féin agus dá páirtithe leasmhara a theastaíonn chun aghaidh a thabhairt go tapa agus go héifeachtach ar dhúshláin sa chóras tithíochta.

Tá obair na Gníomhaireachta chun tithíocht inbhuanaithe agus inacmhainne a sholáthar do chách curtha le chéile faoi thrí théama leathana:

- Bheith ina lárionad maidir le heolas ar thithíocht;
- An bhearna idir soláthar agus éileamh maidir le tithíocht a líonadh; agus
- Toilleadh a fhorbairt maidir le tithíocht.

Cuirimid réimse leathan seirbhísí ar fáil, lena n-áirítear:

- Cúnamh a thabhairt d’údaráis áitiúla maidir le gnéithe uile na feidhme tithíochta dá gcuid
- Tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh tithíochta inacmhainne, lena n-áirítear scéimeanna um chíos de réir costais agus scéimeanna ceannaigh inacmhainne
- Tithe a aimsiú agus réadmhaoin a fhoinsiú le haghaidh tithíocht shóisialta
- An Ciste Croí Cónaithe a bhainistiú
- Comhairle theicniúil agus tacaíochtaí teicniúla d’údaráis áitiúla agus do Chomhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (CTCanna) maidir le tógáil caipitil agus tionscadail athfheistithe agus soláthar
- Measúnuithe airgeadais ar iarratais ar mhaoiniú CTC
- An tionscnamh Tús Áite do Thithíocht a chomhordú
- Morgáiste go Cíos
- Taighde, anailís airgeadais agus comhairle maidir le beartas
- Na Scéimeanna um Leasúchán Piríte agus Bloic Choincréite Fhabhtacha
- Forbairt agus bainistíocht talún
- Frithghealladh Iasachta
- Oiliúint agus faisnéis do chleachtóirí tithíochta
- An Straitéis Tithíochta Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas

Tá tuilleadh faisnéise faoin nGníomhaireacht Tithíochta ar fáil ag www.housingagency.ie

Tá an Ghníomhaireacht Tithíochta ag lorg iarratas anois le haghaidh folúntas **Oifigeach Sinsearach Foirne TF – Grád 6** ar bhonn buan ina Foireann TF.  Tá an post seo bunaithe inár n-oifigí i mBaile Átha Cliath 2. Tá Beartas Oibre Cumaisc á oibriú ag an nGníomhaireacht Tithíochta.

Glactar leis go mbeidh an té a cheapfar ina b(h)all foirne a mbeidh baint ghníomhach aige/aici le forbairt fhoriomlán na Gníomhaireachta Tithíochta, a chuirfidh beartais na Gníomhaireachta Tithíochta chun cinn i gcónaí agus a chloífidh le luachanna na Gníomhaireachta Tithíochta: https://www.housingagency.ie/publications/strategy-annual-report.

## Values




The values of the Housing Agency set the standard for the way we work with our colleagues and our stakeholders. In this strategic period, we will continue to embed our values throughout the organisation to guide and inform everything we do.

We will place a particular focus on internal and external collaboration. We have placed people at the centre of everything we do to highlight the importance of our staff, our stakeholders, and the people we are working to support with housing needs.

## Príomhdhualgais

- Maoirseacht a dhéanamh ar oibríochtaí laethúla TFC, lena n-áirítear bonneagar líonra, timpeallachtaí freastalaí, agus ardáin scamall (m.sh. Microsoft 365, Azure, agus Intune)
- Cinntigh go ndéantar fadhbanna TF a réiteach go tráthúil, agus go ndéantar iad a mhéadú nuair is gá chun cur isteach ar oibríochtaí gnó a íoslaghdú.
- Bainistigh feidhm na deisce cabhrach TF, lena n-áirítear sreafaí oibre ticéadaithe agus tuairisciú
- Beartais agus nósanna imeachta slándála TFC a fhorfheidhmiú agus a chothabháil ar fud na gcóras agus na bhfreastalaithe uile.
- Caighdeáin chibearshlándála (m.sh. Caighdeáin Bhonnlíne Náisiúnta Cibearshlándála, NIS2) a chur i bhfeidhm agus monatóireacht a dhéanamh orthu, agus iarrachtaí freagartha teagmhais a threorú i gcás sáruithe nó leochaileachtaí slándála TF.
- Ullmhaigh tuarascálacha rialta ar fheidhmíocht, teagmhais agus feabhsuithe TF.
- Tacú le hiniúchtaí agus rialachas cuí a chinntiú maidir le sócmhainní agus úsáid TF
- Rannchuidiú le straitéis TF agus tionscnaimh claochlaithe digiteacha na Gníomhaireachta Tithíochta a chur i gcrích.
- Ceannaireacht agus comhordú a dhéanamh ar thionscadail TF amhail uasghráduithe bonneagair, imirce córas agus rolladh amach feidhmchlár.
- Doiciméid theicniúil a fhorbairt agus a chothabháil, lena n-áirítear Nósanna Imeachta Caighdeánacha Oibriúcháin (SOPanna), treoracha oibre, pleananna téarnaimh ó thubaistí agus lámhleabhair oibríochta.
- Clár Riosca TF na heagraíochta a chothabháil agus a nuashonrú.
- Tacaíocht theicniúil agus treoir shaineolach a chur ar fáil d'úsáideoirí inmheánacha agus do gheallsealbhóirí.
- Riar agus tacaigh le teicneolaíochtaí Microsoft lena n-áirítear córas oibriúcháin Windows, feidhmchláir Office, Active Directory, Entra ID, Exchange, Azure, Intune OneDrive, Teams, agus SharePoint.
- Forbairt foirne agus bainistíocht feidhmíochta a chur chun cinn laistigh den fhoireann TFC, ag cothú cultúr sármhaitheasa seirbhíse agus nuálaíochta.
- Bainistigh soláthar crua-earraí, bogearraí agus seirbhísí TFC i gcomhréir le treoirlínte soláthair na hearnála poiblí.
- Bainistiú agus Maoirseacht a dhéanamh ar an bhFoireann
- Scileanna cumarsáide agus seirbhíse do chustaiméirí den scoth a léiriú.

Dualgais eile de réir mar a shanntar iad ó am go ham.

## Riachtanais Oideachais agus Taithí

- Taithí 3+ bliana ar sheirbhísí tacaíochta TF
- Céim bhaitsiléara nó a comhionanna i réimse TF nó innealtóireachta a bhaineann leis
- Eolas teicniúil den scoth (crua-earraí, bogearraí agus fabhtcheartú líonra)
- Taithí ar Microsoft 365, timpeallachtaí fíorúla, agus uirlisí cibearshlándála
- An cumas cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach agus go muiníneach le húsáideoirí deiridh agus leis an lucht sinsearach bainistíochta.

## Inniúlachtaí

- **Bainistiú & Seachadadh Torthaí -** sainaithníonn sé/sí réimsí atá le feabhsú go réamhghníomhach agus forbraíonn sé/sí réitigh phraiticiúla lena gcur i bhfeidhm.
- **Cumarsáid agus Scileanna Idirphearsanta -** Scileanna iontacha cumarsáide agus idirphearsanta agus é a bheith de chumas aige/aici cumarsáid a dhéanamh ag gach leibhéal, go hinmheánach agus go seachtrach.
- **Anailís agus Déanamh Cinntí –** Cuireann sé/sí fadhbanna níos leithne agus impleachtaí a bhaineann leo san áireamh agus cinntí á ndéanamh aige/aici.
- **Díocas agus Tiomantas –** léiríonn sé/sí go bhfuil teacht aniar ann/inti in aghaidh cásanna dúshlánacha agus ard-éileamh.
- **Saineolas –** saineolas aige/aici maidir le Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide lena n-áirítear bainistiú freastalaithe, suiteáil bogearraí agus tacaíocht, bonneagar cumarsáide, teicneolaíocht idirlín agus an cleachtas is fearr a bhaineann le beartas agus gnáthamh TF. Cuireann sé eolas domhain ar theicneolaíochtaí Microsoft i bhfeidhm.

## Scála Tuarastail – Oifigeach Sinsearach Foirne – Grád 6

€57,322 - €58,689 - €60,356 - €63,491 - €65,363

BFS 1 €67,690

BFS 2 €70,030

**Ceapfar iontrálaithe nua ar an gcéad phointe den scála ar aon dul le beartas an rialtais.** D’fhéadfadh téarmaí agus coinníollacha éagsúla a bheith infheidhme más státseirbhíseach/seirbhíseach poiblí ar seirbhís tú, go díreach roimh an gceapachán.

## Incháilitheacht chun dul in iomaíocht:

Ba cheart d’iarrthóirí a thabhairt faoi deara go bhfuil incháilitheacht chun dul in iomaíocht ar fáil do shaoránaigh an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE). Áirítear Ballstáit an Aontais Eorpaigh mar chuid den LEE chomh maith leis an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua. D’fhéadfadh saoránaigh de chuid na hEilvéise a bheith san áireamh chomh maith faoi chomhaontuithe an AE. Is gá go mbeadh iarratasóirí mar shaoránaigh de chuid an LEE faoin dáta a bhaineann le tairiscint poist ar bith chun go gcáileoidís. Ní mór d’iarrthóirí incháilithe bheith i gceann de na catagóirí seo a leanas:

a) Saoránach den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch. Áirítear Ballstáit an Aontais Eorpaigh mar chuid den LEE chomh maith leis an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua; nó
b) Saoránach den Ríocht Aontaithe (RA); nó
c) Saoránach na hEilvéise de bhun an chomhaontaithe idir an AE agus an Eilvéis ar shaorghluaiseacht daoine; nó
d) Saoránach neamh-LEE atá mar chéile nó mar leanbh ag saoránach LEE nó saoránach na hEilvéise ag a bhfuil víosa stampa 4; nó
e) Duine dár tugadh cosaint idirnáisiúnta faoin Acht um Chosaint Idirnáisiúnta 2015 nó ball teaghlaigh ar bith atá i dteideal fanacht sa Stát mar thoradh ar athaontú teaghlaigh ag a bhfuil víosa stampa 4; nó

f) Saoránach neamh-AE atá mar thuismitheoir ag leanbh cleithiúnach atá mar shaoránach de bhallstát LEE nó den Eilvéis, agus atá ina gcónaí ann, agus a bhfuil víosa stampa 4 acu.

**Dáta deiridh le haghaidh Iarratais a Fháil – Dé Céadaoin, an 5 Samhain 2025 ag 12:00 meán lae**

## Nós Imeachta an Iarratais

Ní mór d'iarrthóirí na nithe a leanas a chur ar fáil:

a. foirm iarratais chomhlánaithe de chuid na Gníomhaireachta Tithíochta
b. Ní mór gach cuid den fhoirm iarratais a chomhlánú.
c. Ba cheart iarratais a chlóscríobh agus a chur isteach le ríomhphost i bhformáid PDF chuigrecruitment@housingagency.ie
d. Déanfar iarrthóirí a ghearrliostú bunaithe ar an bhfaisnéis arna cur ar fáil.
e. Ní bhreithneofar iarratais neamhiomlána le haghaidh gearrliostaithe.
f. Ní ghlacfar le hiarratais i gcúinse ar bith tar éis an dáta agus an ama deiridh.
g. Dícháileofar iarrthóirí go huathoibríoch má dhéanann siad canbhasáil nó má dhéantar canbhasáil ar a son.

Dá ndéanfadh an duine a cheaptar an post a dhiúltú, nó dá n-éireodh an duine as an bpost tar éis é a ghlacadh, nó dá dtiocfadh aon fholúntas breise chun cinn, d'fheadfadh an Ghníomhaireacht Tithíochta, faoina rogha féin, duine eile a roghnú agus a mholadh do cheapachán bunaithe ar thorthaí an phróisis roghnúcháin.